# Ag súil le bliain níos cineálta do na mná

## TUAIRIM

LE GRÁINNE McELWAIN



Ní raibh bliain éasca ag mná in 2024. Ní insíonn na staitisticí bréag. De réir Women's Aid, tá duine as ceathrar tar éis drochíde agus mí-úsáid a fhulaingt ag lámha céile nó iar-pháirtí.

Ar an drochuair, níl sé neamhchoitianta scéalta a chluinstin faoi mhná a bheith buailte, drochbhail tugtha dóibh nó maraithe ag fir.

Is aoibhinn liom spórt mar go dtugann sé deis duit éalú ó ghnáthrothaí an tsaoil agus nuair atá tú i measc eachtra spóirt, tá tú iomlán sáinnithe ann. Ar feadh tréimhse, déanann tú dearmad ar na trioblóidí atá agat.

Ach fiú i gcúrsaí spóirt in 2024, ní raibh sé slán ó dhrochíde. Maraíodh bean óg – an lúthchleasaí as Uganda Rebecca Cheptegi – a bhí ag rith sna Cluichí Oilimpeacha i bPáras nuair a caitheadh peitreal uirthi agus lasadh í.

Tá mé iomlán croíbhriste do na mná iontacha seo agus a dteaghlaigh a fuair bás i bhfad ró-luath.

Nuair a bunaíodh an ghluaiseacht 20x20 in 2018, ba é an sprioc a bhí acu ná méadú 20% a chur le clúdach spórt na mban sna meáin chumarsáide, 20% ar an mhéid daoine ag freastal ar ócáidí spórt na mban agus fás 20% ar an mhéid mná a bheas ag glacadh páirt i spórt na mban. D'éirigh go han-mhaith leis chun tús a chur le comhrá faoi spórt na mban agus chun níos mó béime a chur ar an spórt a chur chun tosaigh.

Den ochtú bliain as a chéile is í an dornálaí Katie Taylor an duine is mó a bhfuil meas agus tóir ar an phobal uirthi, de réir taighde a rinneadh Teneo, an comhlacht caidrimh phoiblí, ar an dearcadh atá ag an phobal i dtreo spóirt agus lúthchleasaithe spóirt.

Is í an lúthchleasaí 400m Rhashidat Adeleke agus Kellie Harrington a bhuaigh bonn óir sa dornálaíocht den dara huair as a chéile ag na Cluichí Oilimpeacha a thagann sa dara agus sa tríú háit sa tsuirbhé. Tá dul chun cinn iontach déanta ag spórt na mban trasna achan spórt in 2024 agus gan dabht go dtugann an méid atá déanta ag leithéidí Ciara Mageean, Róisín Ní Riain, Katie George-Dunlevy agus Vikki Wall spreagadh do chailíní agus buachaillí óga.

Tá sé dearfach ach is fiú a mheabhrú cé gur mná iad 40% de na hiomaitheoirí spóirt go hidirnáisiúnta, ní fhaigheann na spóirt sin ach 4% de phoiblíocht sna meáin chumarsáide (Unesco, 2018). Is maith an rud é a bheith bródúil as an mhéid atá déanta ach tá tuilleadh le déanamh agus muna leanfaidh muid ar aghaidh ag brú spórt na mban chun tosaigh, d'fhéadfadh rudaí titim as a chéile agus an móiminteam agus dul chun cinn atá ann go dtí seo a chailleadh.

Coinnigh súil amach do go leor spórt iontach in 2025 agus tá mé ag súil go mór le féachaint air. Rud atá mé dóchasach faoi ná go gcloisfidh muid níos mó fear ag seasamh suas ag labhairt agus ag tabhairt tacaíocht do spórt na mban. Ní don spórt amháin atá mé á lorg seo.

Mar a dúirt iar-Uachtarán Mheiriceá John F Kennedy in óráid: "The only thing necessary for the triumph of evil is for good men to do nothing."

Tá súil agam go mbeidh 2025 níos cineálta do mhná. Tá ról ag gach duine sa tsochaí chun é sin a chinntiú.




**Is mó meas:** An dornálaí Katie Taylor

An Bord Pleanála

## Achtanna na mBóithre, 1993 go 2015
## Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2022

**ABP-316272-23**

**Fógra i dtaobh cinneadh ón mBord Pleanála i ndáil leis an Scéim Croíchonair Bus ó Theach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach atá beartaithe, ar i gContae Bhaile Átha Cliath dóibh uile.**

Rinne an Bord Pleanála, an 16 Nollaig 2024, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear dó le halt 51 d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, ordú chun an bóthar beartaithe arna chur isteach ag an Údarás Náisiúnta Iompair a cheadú faoi réir coinníollacha.

Achoimrítear coinníollacha chinneadh an Bhoird mar a leanas:

1. Déanfar an fhorbairt bheartaithe a sheoladh agus a chur i gcrích i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí a taisceadh i dteannta an iarratais, seachas de réir mar is gá ar shlí eile chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.
2. Cuirfear chun feidhme ina n-iomláine mar chuid den fhorbairt bheartaithe na bearta maolaithe agus na gealltanais chomhshaoil atá i Ráiteas Tionchair Natura a cuireadh isteach.
3. Cuirfear chun feidhme na bearta maolaithe agus na gealltanais chomhshaoil atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach.
4. I gcomhairle leis na gníomhaireachtaí reachtúla iomchuí, ullmhóidh an forbróir Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála nuashonraithe ina gcuimseofar na bearta maolaithe uile atá curtha in iúl i Ráiteas Tionchair Natura agus sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus ina léireofar tograí atá ceaptha chun cloí leis an dea-chleachtas agus le prótacail.
5. Ceapfaidh an conraitheoir éiceolaí a bhfuil an taithí oiriúnach agus na cáilíochtaí oiriúnacha aige. I gcás gur cuí, déanfaidh speisialtóirí faireachán. Cuirfear na sceidil faireacháin ar áireamh i Ráitis faoi Chosaint Gnáthóg agus faoi Mhodhanna Athshuite atá Sonrach don Láithreán.
6. Cuirfidh an forbróir Plean Caomhantais Madraí Uisce isteach lena chomhaontú i scríbhinn ag an údarás pleanála.
7. (a) Déanfar na crainn atá le leagan a scrúdú sula ndéanfar iad a leagan agus a scartáil chun a shuí an bhfuil faraí ialtóg i láthair iontu nó nach bhfuil.
   (b) Cuirfidh an forbróir mionsonraí faoi dhearadh agus láthair na mboscaí buana ialtóg atá le suiteáil isteach lena gcomhaontú i scríbhinn ag an údarás pleanála.
   (c) Ní dhéanfar aon ghlanadh talún, agus ní ghlanfar aon fhásra ón 1ú lá de mhí an Mhárta go dtí an 31ú lá de mhí Lúnasa, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an údarás pleanála.
8. Cuirfidh an t-iarratasóir Plean Bainistíochta Speiceas Ionrach faoi bhráid an údaráis pleanála.
9. Cuirfidh an forbróir Plean Bainistíochta Tráchta Tógála agus Plean Bainistíochta Soghluaisteachta don Chéim Tógála isteach do chéim tógála na forbartha lena gcomhaontú i scríbhinn ag an údarás pleanála. Cuirfear an dá phlean chun feidhme ina n-iomláine le linn an fhorbairt a thógáil.
10. Déanfaidh an forbróir faireachán ar agaí ciúála/ar mhoilleanna ag gach láthair oibreacha agus taifeadfaidh sé sruthanna tráchta ar an ngréasán bóithre áitiúla ag láithreacha a chomhaontófar leis an údarás pleanála.
11. Na hoibreacha uile ar dhéanmhais chosanta agus ar dhéanmhais is díol spéise ó thaobh na hoidhreachta cultúrtha, déanfaidh Speisialtóir Caomhantais Ailtireachta faireachán agus taifeadadh orthu, agus cuirfear Ráitis faoi Mhodhanna Athshuite faoi bhráid an údaráis pleanála lena gcoimeád ar comhad.
12. Éascóidh an forbróir caomhnú, taifeadadh agus cosaint ábhar seandálaíochta nó sainghnéithe seandálaíochta atá ann laistigh den láithreán. Déanfaidh an forbróir na nithe seo a leanas:
    (a) seandálaí atá cáilithe go cuí a fhostú, a dhéanfaidh faireachán ar na himscrúduithe láithreáin eile agus na hoibreacha tochailte uile eile, agus
    (b) socruithe a sholáthar le haghaidh taifeadadh agus baint a dhéanamh ar aon ábhar seandálaíochta is cuí leis an údarás pleanála a bhaint.
13. Sula dtosófar an fhorbairt, déanfaidh an forbróir na nithe seo a leanas:
    (a) toiliú a fháil ón Aire do na hoibreacha uile ag Caisleán Ráth Fearnáin nó i ngarchomharsanacht an Chaisleáin, agus
    (b) mionsonraí faoi na cineálacha bailchríoch/ábhar a úsáidfear le haghaidh athshuí beartaithe bhalla Chaisleán Ráth Fearnáin a chomhaontú i scríbhinn leis an údarás pleanála.
14. Déanfaidh an forbróir faireachán ar thorann le linn na céime tógála den fhorbairt bóthair bheartaithe chun a chinntiú nach rachaidh leibhéil tairsí torainn tógála (tréimhse LAeq) thar na leibhéil atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta.
15. Sula ndéanfar crainn, fálta agus plandaí atá le baint a athsholáthar, déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair idirchaidreamh leis an úinéir talún iomchuí maidir le speiceas, méid agus láthair an fhásra athsholáthair ar fad. Déanfar bearta cosanta crann le haghaidh na gcrann uile atá ann cheana a chur i bhfeidhm roimh thosú na forbartha, agus cuirfear mionsonraí faoi thírdhreachú bog faoi bhráid an údaráis pleanála lena gcomhaontú i scríbhinn roimh chur chun feidhme.
16. (a) Comhlíonfaidh socruithe draenála ceanglais an údaráis pleanála.
    (b) Déanfar aon sruthanna éalaithe nua nó feabhsaithe uisce dromchla a thógáil ar bhealach a gcosnóidh gnáthóga bruachánacha agus nach dtiocfaidh creimeadh iomarcach na ngnáthóg sin chun cinn mar thoradh air.
17. Cuirfear mionsonraí faoin gcóras beartaithe soilsithe phoiblí atá ceaptha chun freastal ar an scéim faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis.
18. Comhaontófar láthair agus cineál deiridh na seastán páirceála rothar ar fud na scéime i scríbhinn leis na húdaráis phleanála iomchuí.
19. Déanfaidh an forbróir mionsonraí faoi dhearadh agus leagan amach beacht na dtrasrianta coisithe thar raonta rothar ag stadanna bus oileáin a chomhaontú i scríbhinn leis an údarás pleanála ar bhonn cás ar chás.
20. Déanfar ingearchlónna de réir scála i leith na scáthlán beartaithe bus atá le soláthar ar fud an bhealaigh a chur isteach lena gcomhaontú i scríbhinn ag an údarás pleanála iomchuí. Ní bheidh aon phainéil fógraíochta ann i scáthláin bus laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta Shráid Sheoirse Mhór Theas ná i Limistéar Caomhantais Ailtireachta Ráth Fearnáin.

Is féidir amharc ar théacs iomlán an chinnidh ón mBord, lena n-áirítear coinníollacha, ar shuíomh Gréasáin an Bhoird ag https://www.pleanala.ie/en-ie/case/316272. Beidh cóip den chinneadh ón mBord agus den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ar fáil le hiniúchadh in oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair le linn uaireanta oifige ar laethanta oibre go ceann tréimhse ocht seachtaine dar tosach dáta foilsithe an fhógra seo.

Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh ón mBord a cheistiú trí bhíthin iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Féadfar faisnéis phraiticiúil faoin sásra athbhreithnithe a rochtain faoin gceannteideal "Fógraí Dlí – Fógra maidir le hAthbhreithniú Breithiúnach" ar shuíomh Gréasáin an Bhoird ag www.pleanala.ie nó ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag www.citizensinformation.ie

**Dáta foilsithe: Dé Céadaoin, 8 Eanáir 2025.**